# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## Ardmhéara Mhíobhaigh 2008




Pádraig Ó Gallachóir agus beirt dá chuiditheoirí, Bridie Uí Bhrolcháin agus Bridie Uí Dhochartaigh. Lth. 11



Seo cúpla pictiúr ó Champa Samhraidh Chéim Aniar, 2008. Tuilleadh pictiúr sa chéad eagrán eile de Ghuth Ghoill.



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Ardmhéara Mhíobhaigh 1

Clár 2

Baile na Deora 3

Sean-Reilig Mhíobhaigh 6

Ardmhéara Mhíobhaigh 11

Logainmneacha Ros Goill 13

An Teach Mór 16

Pléaráca ar an Ghleann Ard 17

Feadaímó 18

Bronnadh na Céime & Bronnadh an Dioplóma 20

# Baile na Deora




Tá an baile fearainn seo suite ar an taobh thoir de leithinis Ros Goill. Ar an chríoch leis tá Baile an tSléibhe, Dumhaigh, An Corrach, Gleann Raithnigh, An Glíob, Ailt a' Chaorthainn agus An Raplach. Taobh istigh de Bhaile na Deora féin tá Gort a' tSléibhe, seo an chuid is faide siar den bhaile, thuas i dteannta tí Ned Stiofáin agus tí Dochartaigh. Gort a' tSléibhe a bhí ar an cheantar seo sa tsean-am ach ní chluintear an t-ainm seo anois ar chor ar bith. Baile na Deora a bheirtear ar an iomlán.

Tá portach, cnoic bheaga agus cuibhrinn ghlasa le fáil i mBaile na Deora. Sa tsean am, bhaintí móin thuas faoin Charraig Aird atá ina shuí ar an chríoch idir Baile na Deora agus Baile an tSléibhe. An Seascán a bheirtear ar an áit seo, agus má sheasann tú in airde ar bharr An Charraig Aird, tchífidh tú rian na mbachtaí go fóill agus iad lán uisce. Tá abhainn bheag ina rith anuas anseo, agus thart fá leathchéad bliain ó shin, thóg fir an bhaile ceasaí sa dóigh go dtiocfadh leis na hasail, agus maise na daoine fhéin, súil trasna na habhann ar bhealach fhurasta. Tógadh cúpla píosa de chlaí anuas níos deise do na tithe, agus chuirtí an mhóin ina cruacha beaga ag taobh na gclaíocha seo sa dóigh go dtriomódh sí sula dtugtaí 'na bhaile í. Tá cnoc beag níos faide abhus ar a dtugtar Cnoc na gCruacha, agus dhéantaí cruacha beaga den mhóin anseo fosta. Feadhnógaí a bhíodh ar na hasail in ionad gnáth chléibh agus dhéanadh sin an job níos furasta. Tá "lane" ag dul ó theach Thuathail Stiofáin siar giota maith idir na cuibhrinn agus is siar an bealach seo a théadh na daoine agus iad ag sábháil a gcuid móna. Costarnocht a bhíodh na páistí beaga agus maise daoine fásta agus iad i mbun na hoibre seo, agus is iomaí leamóg a baineadh de na cosa bochta. Cha raibh plasters ar bith le cur orthu ach oiread!!!

I mBaile na Deora fosta tá Loch an Charnáin, áit a mbíodh céiliúradh ag Féile Lúnasa agus bheireadh muintir óga na háite cloch suas go barr an chnoic bhig ar Lá Lúnasa. Bhí cró thíos faoin chnoc bheag agus go fóill tugtar Lag an tSean Chró air. Is anseo a bhíodh féasta agus cúrsaí cleamhnais ar siúl níos moille sa lá.

Tá garraí beag ag muintir Bhrianaí ina gcuirtí páistí beaga sa tsean-am nach raibh baiste. Tá cloch mhór i lár an gharraí seo agus ní ligfeadh Brianaí do dhuine ar bith barr méire a leagan uirthi le í a bhogadh as an chosán ar eagla go gcuirfeadh seo isteach ar anamnacha ná spioraid na bpáistí beaga. Áit bheannaithe.

An t-áthrú is mó a tháinig ar an bhaile le bliantaí beaga anuas ná an oiread tithe saoire atá ar an bhaile anois, seachtar acu istigh i gcuibhreann amháin agus iad sa mhullach ar a chéile cosúil le sardines. Tá lear den tsean mhuintir ar shiúl ar bhealach na fírinne agus daoine úra istigh ar an bhaile, ach sin rotha móra an tsaoil agat. Tarann seo agus imíonn siúd. Gabhaltais bheaga d'fheirmeacha a bhí ag na daoine agus iad beo bocht. Cúpla ceann d'eallaigh, asal agus beathach, cúpla cuibhreann féir agus coirce, garraí beag, ar fostú, An Lagán, bád Dhoire, sin in abairt amháin an saol a bhí acu. Chaith siad a seal ar bhealach na daoirse. Mar sin fhéin, níor chaill siad aisling na saoirse.

Ag toiseacht ar an taobh thiar den bhaile, bhí muintir Ned Stiofáin. Mac a'tSaoir an



*Seanteach Ned Stiofáin*

sloinneadh a bhí orthu. Bhí Ned pósta ar Winnie Doherty as Gort na Bráid agus bhí cúigear de theaghlach acu, Susanna a bhí pósta ar Shean Phaidí 'ac Aoidh as Ailt a' Chaorthainn, Mary agus Nelly a d'imigh go Meiriceá, Tuathal, a d'imigh go Ceanada, agus Stephen, a bhí pósta ar Kitty 'Bhrógáin as an Mheall Mhór. Bhí gasúr amháin acusan, Ned, a d'imigh go California i dtús na gcaogadaí. Tá sé soiléir ón dóigh a bhfuil an teach seo tógtha gur fir cheirde den scoth a thóg é. Is saoir chloiche a bhí iontu agus a chruthú sin san obair thógála atá le feiceáil ar an teach féin agus na boithigh thart air. Bhí bród agus mórtas acu as a gcuid oibre. Cuireadh láfta ar an teach níos moille, agus bhí teach breá mór ann san am dheireanach. Bhí go leor crainn spionóg agus úll thart fán teach agus ba chaitheamh aimsire a bhí againn tráthnóna Domhnaigh ná a dhul siar agus iarracht a dhéanamh na spionógaí nó na húllaí a ghoid i ngan fhios do John Thuathail Stiofáin!

Níos faide soir an baile ansin, bhí teach Thuathail Stiofáin. Deartháireacha a bhí i dTuathal agus i Ned ar labhair muid air thuas. Bhí Tuathal pósta ar Mhéadhbha Nóra as Dún Dubháin agus bhí seiséar de chlann acu, Mící agus Joe a d'imigh go hAlbain, Kitty agus Susan a d'imigh go Sasana, John a d'fhan i mBaile na Deora agus atá marbh le tamall maith anois, agus Máire atá beo beathach go fóill in Áras Uí Dhónaill taobh le Baile na nGallóglach. Bhí Máire pósta ar Hughie 'a Bhrógáin as An Mheall Mhór. Fuair Hughie bás in 1985. Saor cloiche a bhí i dTuathal féin agus i gcuid dá chlann mhac agus a rian sin le feiceáil thart fan teach acusan fosta, áit a bhfuil obair cheirde na gcloch ina ealaíon ann féin. Is é Mící Thuathail a rinne an obair chloiche uilig thart fá theach Mhicí

*Teach Mhicí Rua i nGleann Raithnigh*



Rua i nGleann Raithnigh, agus bheadh sé deacair a léithéid d'obair ghalánta ealaíonta a shárú. Chaith Tuathal tréimhse ama thall in Londain nuair a thug an Tiarna Phillimore é féin agus cúpla fear eile ón áit anonn leis. Ba le Phillimore an teach breá mór sin atá suite go galánta anonn ó Thráigh na Rosann



*"An Hostel"*

i nGort na Luchóg. Bhronn sé an teach ar An Óige níos moille agus tugtar "An Hostel" air ó shin. Bhí cuid mhór obair thógála ar bun ag Phillimore i Londain san am agus bhí fir oibre mhaithe de dhith air. Fear eile a chuaigh anonn leis ná Micheál Mac Lochlainn as Gort na Luchóg, nó Mící Brown mar a bhí aithne air fan áit. Bhí sé ag déanamh cuid mhór tógála thart fá cheantar Kensington agus má bhíonn tú fan cheantar sin am ar bith tchífidh tú ainmneacha cosúil le "Phillimore Gardens" ar na sráideanna. Fosta, tá cloch i mballa Lloyds Bank in Kensington agus greannta sa chloch tá na focla "*Baineadh an chloch seo i Ros Guil i dTír Chonaill*". Cloch eibhir atá sna foirgnimh uilig agus bheinn den tuairim gur as an chairéal a bhí ar An Mheall Mhór a tógadh an chloch.

Ansin, bhí teach Mhuiris Ó Dochartaigh. Bhí Muiris ina chónaí sa teach seo leis féin. Dhéanadh sé cuid mhór iascaireacht gliomaí agus is é a cheannódh na bróga ag deireadh achan séasúr do na nianna agus do na neachtanna, clann Antoin agus Nóra, a bhí ina gcomharasan béal dorais aige. Ba mhór an briseadh croí dó uair amháin nuair a goideadh a chuid gliomach uilig.
'Sé Phil Chonchúir as Gleann Cheo a thóg an teach seo. Teach beag le seomra amháin (cistineach) a bhí ann. Bhí téastar (canopy) adhmad os cionn an áit tine leis an toit a tharraingt amach an simléar. Bhíodh seo in lear de thithe na háite san am sin. Bhí lafta

os cionn na cistineach, agus céimeanna deasa cloiche ag dul in airde taobh amuigh a fhad leis. Scioból a bhí sa lafta seo le féar a choinneáil ann. Leagadh an teach seo thart



Seanteach Mhuiris Ó Dochartaigh

fá bhliain ó shin. Nuair a fuair Muiris bás, bhí an teach beag seo folamh ar feadh tamaill. Ag deireadh na 1920eadaí, bhog Sarah Doherty agus a fear Micí Jimmy Mac Giolla Bhríde as Dumhaigh isteach ann. Is anseo a rugadh an triúir de theaghlach a bhí acu, Muiris, Nóra agus Máire. Nuair a fuair Sarah bás agus gan inti ach bean óg in 1932 fágadh an teach fuar folamh arís. Chuaigh na páistí chuig daoine muinteartha difriúla, d'fhan Máire i mBaile na Deora ag a máthair mhór agus a hathair mór, Nóra agus Antoin Ó Dochartaigh. Chuaigh Muiris go Dumhaigh ach tháinig sé ar ais go Baile na Deora i ndiaidh tamaill agus is ann a d'fhan sé féin agus Máire go dtí go raibh siad ábalta déanamh as dóibh féin. D'imigh siad go hAlbain nuair a bhí siad níos sine agus d'fhill siad ar ais measartha rialta. Fuair Muiris bás in Albain agus cailleadh Máire in 1998. Chuaigh Nóra siar tí Mhicí Ginn i nDoire a' Chasáin agus d'fhan sí ansin go dtí go raibh sí sé bliana déag d'aois, nuair a d'imigh sí go Londain, agus as sin go dtí An Astráil. Tháinig sí 'na bhaile sna bliantaí deireanacha agus chaith sí a cuid ama thíos ar An Chorrach i dteach Nonny, áit a raibh muintir an tí sin muinteartha daoithe. Fuair sí bás in 2002 .

Tá teach úr tógtha ag Máiréad Ní Dhochartaigh agus Damien Ó Conaill i gcóngaracht do sheanteach Mhuiris agus tá siad ina gcónaí ann agus triúr páiste acu.

*Beidh muid ag leanstan ar aghaidh leis an chuntas seo sa chéad eagrán eile.*

*Buíochas do Phaidí Mac Aoidh, Mhicheál Ó Dochartaigh, Brian Mac Lochlainn agus Cormac Goulding a chuidigh liom an giota seo a chur le chéile.*

*Nóirín Goulding.*

* * * *



*Seo Nóra Uí Uigeann (Ní Dhochartaigh) ag teacht abhaile leis an mhóin i mBaile na Deora.*

Fabhraíonn an dóchas de shíor i gcroí an duine.



Proinsias Ó Cuilinn, Mánus Mac Giolla Bháin agus Aodh (Fada) Mac Laifeartaigh, a ghlac páirt i dTráth na gCeist "Buile faoi Thuairim" i nGaoth Dobhair ar 10 Iúil. Chuaigh an fhoireann seo fríd go dtí an chluiche leathcheannais in Inis i gContae an Chláir ar 23 Lúnasa. *Adh mór oraibh*.

# *Sean-Reilig Mhíobhaigh*



*Tá Sean-Reilig Mhíobhaigh suite ar bhruach Chuan na Maoile Ruaidhe i mBaile Fearainn Chluain tSaileach ar an taobh thoir de leithinis Ros Goill. Tá scéal mór i mbéaloideas Ros Goill faoin dóigh ar tógadh seaneaglais Mhíobhaigh san áit ar tógadh í. An scéal a tháinig anuas chugainn ó na glúnta a chuaigh romhainn ná gur Naomh Colmcille a thóg an eaglais seo. Bhí asal leis agus bhí ultach trom cloch ar a dhroim aige. Thosaigh siad ar an turas i gCarraig Airt ag teach Munroe (teach Bhill anois) agus dúirt Naomh Colmcille nuair a thitfeadh an t-asal faoin ultach don tríú uair gur sin an áit a mbeadh an eaglais suite.*

*Ar thaobh an bhealaigh mhóir i Malaigh 'n Fhraoigh a thit sé don chéad uair agus tá gallán cloiche ina*



*sheasamh san áit seo go dtí an lá atá inniu ann. Tá sé ráite gurb é Colmcille a chuir an leac anseo. Stad an t-asal don dara uair i gCluain tSaileach féin agus thóg sé cros anseo. Tugtar an tSean-Chros air agus tá sé ann go fóill. Luigh an t-asal síos ar an tríú titim. Is ar shuíomh na seanreilige féin ar bhruach Sruth na Maoile Ruaidhe a tharla seo agus ba anseo*



An tSean-Chros i gCluain tSaileach

*a thóg Colmcille an eaglais.*


*Tá sé ráite fosta go raibh cloch sa reilig ina shuí ar*



*chros nach raibh ró-mhór agus lorg lámha Cholmcille uirthi ach níl sí ann níos mó. Deirtear go raibh baint mhór ag Colmcille leis an cheantar seo agus is iomaí scéal faoi a mhair i mbéal na ndaoine.*

*Tá fianaise againn go raibh cónaí ar dhaoine sa cheantar seo in am na réamh-staire mar go bhfuil ealaíon le feiceáil ar chlocha atá suite i mbaile fearainn Mhíobhaigh agus fuarthas roinnt iarsmaí agus uirlisí i gcúpla áit sa cheantar. An Chloch Bhán a tugtar ar cheann de na clocha stairiúla seo agus síleann na seandálaithe go bhfuil na marcanna, na crosanna agus na ciorcail ar an chloch seo ceangailte le Ré na Réamh-Chríostaíochta.*

An Chloch Bhán



*Síltear go raibh siad ag úsáid na h-áite seo mar*

*ionad leis an ghrian a adhradh mar go dtiteann na chéad gathanna gréine a éiríonn ós cionn chnoic Fhánada ar an chloch bhán seo. Más ionad adhartha gréine a bhí i Míobhaigh bheireadh sé seo cúis eaglais a bhunú ann.*

*Cé gur eaglais agus reilig ársa atá in Sean-Reilig Mhíobhaigh ní fios go fírinneach cé chomh fada siar agus a théann sé, ach mar a deir an seanfhocal tá sé "chomh sean leis an cheo agus níos sine faoi dhó". Tá iarsmaí agus seanbhallóga theach a' phobail ann go fóill. Tógadh é sular baineadh úsáid as gloine. De réir ailtireacht na heaglaise téann a dháta siar go dtí'n 11ú aois. Deirtear sa bhéaloideas go raibh eaglais eile a bhí déanta as adhmad tógtha ar an suíomh céanna roimhe sin a chuaigh siar go dtí'n 5ú aois, 'sé sin, am Cholmcille. Bhí lear crann giúise (adhmad bán) sa cheantar seo ag an am sin agus tá seanfhréamhacha na gcrann seo le feiceáil go fóill. Más é an cás go raibh eaglais déanta as adhmad i dtús báire, ní raibh feidhm orthu bogadh amach as an cheantar le theacht ar sholáthar adhmad.*
*Tá muintir na háite den bharúil gur tógadh é idir 338 agus 365. Níl fianaise ar bith againn go bhfuil seo fíor.*

*Sna hiarsmaí atá fágtha againn anois ón eaglais tá fuinneog creathnach chúng ann agus deirtear go raibh siad ábalta an tam a insint fadó ón dóigh a*



*raibh an ghrian ag soilsiú isteach ann. Deirtí an t-Aifreann sa teach pobail agus is cosúil go raibh sé ag dul go maith go dtí go dtáinig saighdiúirí Chromwell anseo sa bhliain 1649 agus gur ghlac siad seilbh air. Bhí droch-am sa tír ag an am. Dhóigh na saighdiúirí an teach pobail agus scrios siad achan sórt a bhí ann agus caitheadh lear de amach sa Mhaoil Ruaidhe. Ina dhiaidh seo bhí an sagart ag léamh an Aifrinn i ngan fhios do na saighdiúirí ag "Carraig an Aifrinn" nó "Leac na hAltóra", a bhí thuas ar an bhruach taobh amuigh den reilig. Bheireadh siad an sagart isteach 'na háite*



*ar dhóigh inteacht, agus bheadh daoine ag déanamh faire ar an ardán ar eagla go mbeadh na saighdiúirí ar na gaobhair nuair a bhíodh an sagart ag léamh an Aifrinn.*



*Bhí cuid saighdiúirí Chromwell anseo ar feadh cúpla bliain.*

*Is cosúil go bhfuil Caitlicigh, Protastúnaigh agus Preispitéirigh curtha sa reilig seo. Reilig Chaitliceach a bhí ann ó thús báire go dtí gur ghlac saighdiúirí Chromwell seilbh air. Is reilig Phrotastúnach a bhí inti ina dhiaidh sin. Eaglais na hÉireann a bhí ann agus sin mar atá sé go fóill agus deirtear go bhfuil na gníomhais teidil acu thiar i nDún Fionnachaidh.*

*Ní fios dúinn cén uair a thosaigh siad ag cur daoine sa reilig. Cuireadh daoine ann as Fánaid, as an Tearmainn, as Dún Fionnachaidh, as an Chraosloch, as an Chloigean, as Cill Mhic nEanáin agus as leithinis Ros Goill féin. Deirtear nach raibh reilig ar bith eile fán áit ag an am. Tháinig siad anall ar churacha nó ar bháid as Fánaid agus tá leac thíos faoin reilig ar an chladach a dtugtar "Leac na Cónra" air. Cuireadh an chónra ar an leac seo ar feadh tamaill áirithe thart fá dheich mbomaite nó ceathrú uaire sular cuireadh iad. D'iompar siad í aníos an mhalaigh go dtí'n reilig ansin.*



Leac na Cónra

*Tá cros ársa Laidine suite taobh amuigh den eaglais agus deirtear go bhfuil baint ag Colmcille léi fosta.*



*In aice leis an chros seo bhí "Cloch Mhéine Mhíobhaigh" suite ar bharr galláin. An té a bhí ag iarraidh a mhian shuigh sé ar an ghallán agus an chloch ina lámh aige. Ní raibh cead amharc ar an duine nuair a bhí seo ar siúl. Tá Cloch Mhéine Mhíobhaigh caillte le fada an lá. Ní fios cé acu goideadh nó briseadh an chloch seo.*



Cloch Mhéine Mhíobhaigh

*Bhí leac eile sa reilig a dtugtar "Leac na bPingneacha" nó "Leac na nOfrálacha" air. San am sin, bhí ofrálacha ann ag achan tórramh agus bheadh duine éigin freagrach as an airgead sin a thógáil. Nuair a cuireadh an corp isteach sa talamh chuaigh achan duine anonn chuig an leac seo mar go mbíodh fear ansin leis an ofráil a thógáil. Bheireadh achan duine scilling nó dhó b'fhéidir agus ghlaoití amach d'ainm agus an méid airgid a thabharfá luaite leat agus más mó airgid a thug tú is airde a bhí d'ainm scairte. Dá dtabharfadh duine ceithre nó cúig scilling bhí seo fógartha ag an Aifreann an Domhnach ina dhiaidh sin. Fuair an sagart an t-airgead seo uilig dó féin. Deirtí faoi dhuine a bhítí i ndiaidh a chur, 'an raibh ofráil mhór air/uirthi'*



Leac na bPingneacha

*Tá an leac ann go fóill ach anois tá sé suite ar uaigh mháthair Chathail Mhic Giolla Chearra. Bá ghnáth leis an leac seo a bheith suite ar an Bhinn Thoir, ag an choirnéal íochtarach den tseanreilig, sin an Bhinn atá ag amharc anonn ar Fhánaid. Deirtear go bhfuil Albanaigh curtha sa choirnéal seo. Cuireadh deireadh le seo sna caogaidí agus ba é Johnny Logue (an Píolóta), atá ar shlí na fírinne anois an duine deireanach a thóg ofráil sa reilig.*

*Fuair a lán páistí bás sa tsean-am agus bhí áit speisialta sa reilig dóibh. Tá an coirnéal seo go díreach ar an taobh ó dheas den reilig agus tú ag dul isteach an geafta. Ag an am sin ní raibh cead*



*marbhghin nó páistí nach raibh baiste a bheith curtha taobh istigh de bhallaí na reilige. Bhí seo amhlaidh suas go dtí na caogaidí. Cuireadh cuid de na páistí sa choirnéal seo i rith na hoíche sular éirigh an ghrian ar maidin. Ní raibh caint ar bith faoi dtaobh de ina dhiaidh sin.*

*Ba ghnáth leis na daoine na páistí seo a chur thart fána mbaile féin fosta. Tharla seo go minic mar gur rugadh a lán páistí agus iad marbh ag an am sin. Deirtear go bhfuil uaigheanna eile faoi Charraig an Aifrinn, nach raibh coisricthe, ina bhfuil cuid de na páistí seo curtha. Tá focal againn sa Ghaeilge nach bhfuil aistriúchán Béarla air, áit a gcuirtí páistí nach raibh baiste agus 'sé an fhocal atá ann ná 'ceallúnach'. Tá sé ráite fosta gur faoi Charraig an Aifrinn a cuireadh daoine a chuir lámh ina mbás féin.*

*Cuireadh a lán daoine óga sa reilig seo fosta sa tsean-am, chomh maith le páistí beaga a rugadh marbh. Deirtear gurbh é an eitinn a ba mhó ba chúis lena mbás. Ní raibh leigheas ar bith air san am sin. Bhí lear teaghlach sa cheantar seo ar sciob an galar seo an teaghlach iomlán leis. Deireadh daoine "Fuair daoine galar breac na spéire" dá dtitfeadh an mí-ádh seo orthu.*

*Bhí 'fiabhras' (aimsir an 'flu mór') agus diftéire ina ngalair chontúirteach chomh maith agus bhí fíor dhrocham sa cheantar agus leoga ar fud na tíre. Chuaigh seo ar aghaidh ar feadh na mblianta fada agus tá lear ainmneacha de dhaoine faoi ocht mbliana déag ar na leacacha sa reilig ón am sin.*

*Ta na céadta de phobal Ros Goill agus lear ceantracha eile curtha sa reilig seo gan leac, gan chloch, gan chuimhne. Deirtear go bhfuil an oiread daoine curtha taobh amuigh den reilig agus atá taobh istigh. Chuala mé scéal a chuaigh ar ais na céadta bliain, 'sé sin go raibh páistí faoi cheithre bliana déag d'aois curtha taobh amuigh den reilig le suaimhneas a thabhairt do na daoine fásta a bhí curtha taobh istigh. Rinneadh eisceacht nuair a fuair máthair agus babaí bás le chéile, cuireadh iad sa chónra amháin taobh istigh den reilig. Cuireadh cuid mhór daoine de réir a sloinnte, cé gur mhinic nach raibh muintearas ar bith idir na teaghlaigh. Bhí siad measctha suas achan bhealach agus tá sé dodhéanta fáil amach cé atá curtha in uaigh ar bith. Níor dhíol daoine ar son na huaighe. Nuair a bhíodh uaigh le baint bhíodh duine ar an bhaile, de ghnáth, a mbíodh eolas aige ar an reilig. Daoine muinteartha don teaghlach a théadh síos leis an uaigh a bhaint agus ní raibh sé doiligh seo a dhéanamh thíos i Míobhaigh mar go raibh an chuid ab fhearr de chréafóg ann. Deirtear nach raibh mórán doimhneachta créafóige ann agus gur ghnách le teaghlaigh an marbhchréafóg a thabhairt leo óna gcuibhreann féin leis an chónra a chlúdach.*

*Uaireanta d'osclaítí uaigh a bhí druite le fada. Sa chás seo thógtaí amach na cnámha le meas agus urraim. Dhéantaí carnán dóibh, chuirtí isteach in sac iad nó chuirtí brat créafóige orthu arís agus d'fhágfaí ansin iad go mbeadh an uaigh bainte. Da mbeadh an uaigh breá domhain dhéantaí poll eile a bhaint thíos ar íochtar agus chuirtí na cnámha síos ar thaobh na cónra nuair a bhíodh achan duine eile ar shiúl.*

*Deirtear fosta nuair a bheifí ag baint uaighe agus nuair a bheadh cúpla cónra eile sa bhealach go n-osclófaí na cónraí eile agus go gcuirfí na cnámha uilig isteach sa chónra amháin. Dhéantaí seo mar go mbíodh easpa spáis sa reilig. Is iomaí cónra a d'osclófaí a mbeadh trí nó ceithre cloigne, agus níos mó corr uair, istigh ann.*

*Is é an gnás a bhí ann ná go mbíodh ar an duine a bheith sa chré ar feadh seacht mbliana sula n-osclófaí*

*an chónra. Deirtear go maireann duine a báitear i bhfad níos faide san uaigh mar gheall ar an salann a bhíonn ina chorp. Bhí daoine eile ann a mhair níos faide ná daoine a bádh. Glacadh le seo mar chomhartha maith don duine sin mar deirtí gur cineál de Naomh a bhí sa duine sin.*




*I mbéaloideas an cheantair seo deirtear go bhfuil pota óir curtha taobh amuigh den reilig. Ní fios cérbh as a dtáinig an pota óir seo ach deir daoine nuair a dhó saighdiúirí Chromwell an eaglais go bhfuair siad óir ann agus gur chuir siad é taobh amuigh den reilig. Dúradh go raibh sé suite idir 'Luí an Mhadaidh' agus 'Suí an Chait'. Tá seo díreach os cionn Chnoc Mhíobhaigh píosa abhus ón reilig. Dúradh fosta go raibh daoine a chuardach sna seachtóidí agus tá sé ráite go bhfuair duine áirithe ón cheantar é roinnt blianta ó shin.*

*Mar fhocal faoin tseanreilig í féin cuireann sé lúcháir orm Coiste Shean-Reilig Mhíobhaigh a lua. Bunaíodh an coiste seo ar an 7 Samhain 1996. 'Sé an aidhm a bhí ag an choiste ná an reilig bheannaithe seo a chóiriú agus a chaomhnú agus ómós a thabhairt do na daoine uaisle uilig atá curtha ann. Tá moladh mór tuillte ag Denis Ann Mac Giolla Bhríde a chuir a chroí isteach sa tionscadal seo agus a chaitheann uaireanta fada ag déanamh jabanna beaga ann. Bhí an reilig agus an bealach isteach i ndroch dhóigh amach go dtí seo agus bhí obair mhór rompu ach caithfidh mé a rá go bhfuil jab iontach déanta acu ó shin. Is cosúil go raibh driseoga agus cúl faiche, a bhí chomh hard liom féin, ag fás ar fud na háite agus ghearr siad iad uilig síos, fuair siad an bóthar tarráilte, thóg siad cuid de na seanbhallóga a bhí ag titim, dhírigh siad an tseanchros a bhí ag titim fosta agus ghlan siad thart ar 'Charraig an Aifrinn'. Ghlac an obair seo blianta fada ach bhí toradh suntasach sa deireadh air, agus nach sona sásta atá muintir na háite go bhfuil siad ábalta cuairt a thabhairt ar a muintir a chuaigh rompu san áit shuaimhneach shíoraí seo cois cladaigh.*

*Mar gheall ar an choiste bheag dhíograiseach seo tharla ócáid stairiúil i gceantar Ros Goill ar an 30 Lúnasa 1996, sin nuair a rinneadh na huaigheanna uilig a choisriceadh agus rinneadh Aifreann a cheiliúradh don chéad uair i gcuimhne na ndaoine atá curtha i Sean-Reilig Mhíobhaigh.*



*Deirtear Aifreann ansin anois achan bhliain agus tá súil againn go mairfidh an traidisiúin sin anois ar feadh blianta fada.*



*Curtha le chéile ag Fíona Pasoma*

*Buíochas ó chroí d'achan duine a chuidigh liom an t-eolas seo a bhailiú.*

## An tArdmhéara

Ar an 17 Iúil 2008 bhí toghchán iontach tabhachtach i bparóiste Mhíobhaigh, ba sin toghchán an Ardmhéara.



*Na hIarrthóirí*
*Pádraig Ó Gallachóir (Paddy Phat), Domhnall Ó Dochartaigh (Donnelly), Pádraig Ó Cuilinn (Paddy Cullen), Louis Nugent agus Séamas Ó hOireachtaigh (Jimmy Bhrinigh).*

Ba mhinic sa cheantar seo a mbíodh díograis lucht na bpáirtithe éagsúla le feiceáil ag am na dToghchán Ginearálta agus bheadh fiúntas na dteachtaí mar ábhar cainte agus leoga mar ábhar conspóide don phobal ar feadh tréimhse an toghcháin. Ach, ba chuma faoi na toghcháin ghinearálta nó na toghcháin áitiúla, ba chuma cé acu fuair isteach, Bertie nó Bruton, Haughey nó Fitzgerald, ní raibh ariamh oiread suime i dtoghchán sa pharóiste seo is a bhí do thoghchán an Ardmhéara. Cad chuige sin? Cad é a bhí sa toghchán seo a fuair greim chomh teann sin ar mheon an phobail? Níl sé ach cúpla mí ó dúirt muintir na tíre seo 'NO' do Lisbon. Cad chuige mar sin a raibh na daoine a bhí chomh diúltach faoi cheist amháin chomh dearfach faoi cheist eile? Agus bhí siad dearfach. Fuair idé an Ardmhéara 'YES' láidir ó mhuintir an pharóiste seo agus tá moladh mór tuilte ag an fhear a tháinig aníos leis an idé agus a d'eagraigh an toghchán, sin é Eddie Mac Rodaí.

Ligfidh muid do Eddie é féin an scéal a insint díobh agus freagraí a thabhairt ar na ceisteanna ina fhocla féin.

"Tháinig an smaoineamh chugam lá amháin gur chóir don pharóiste aitheantas a thabhairt do Phaddy Phat ar son na hoibre uilig a rinne sé do Chumann Lúthchleas Gael agus don Ionad Lae i gCarraig Airt. Is minic a théann daoine mar Phaddy ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana ag déanamh na hoibre agus ní fhaigheann siad buíochas poiblí nó aitheantas poiblí ar son na hiarrachta deonaí a dhéanann siad. Nuair a tháinig an scéal amach go raibh Paddy tinn, chuir sé isteach go mór ar achan duine agus shíl mé féin go raibh sé in am domh rud éigin a dhéanamh. Bhí a fhios agam go raibh muintir an pharóiste seo fial flaithiúil nuair a bhí duine áitiúil i mbuaireamh nó nuair a bhí airgead le tógáil ar chúis carthanachta ar bith. Tá taithí agam féin don charthanacht sin ón am a bhí mo nia Eoin, mac le Pól, tinn, agus fosta níl sé ach cúpla mi ó tógadh €13,000 sa cheantar seo d'Alan Doherty.

Chuaigh mé i dteagmháil le Paddy Bradley agus chuir mé an idé roimhe go m'fhéidir go n-oibreodh toghchán Ardmhéara go hairithe le Paddy Phat é féin mar iarrthóir. D'aontaigh Paddy liom agus dúirt sé go mbeadh sé sásta cuidiú a thabhairt domh. Tháinig Brian Payne ar bord fosta agus bhí an bád curtha i bhfarraige. D'eagraigh muid cúpla cruinniú agus tháinig daoine cumasach eile isteach ar an fhoireann. Daoine mar Bridie Doherty agus Bridie Bradley, Cormac Welsh agus Noirín (John Eoin) Ní Gallchóir, Bridget Coyle agus Mary (Fenny) Nic Giolla Bhríde, Liam (Buster) Ó Gallchóir, Dominic Mac Rodaí agus Barney Ó Néil. Shocraigh muid go mbeadh vóta ar fáil ar €5 an ceann le hairgead a thógáil do dhaoine sa pharóiste a raibh an ailse orthu agus go mbeadh an t-airgead seo faoi 'Mevagh Trust Fund' cuntas 3471 sa Chomhar Creidmheasa.

Is é an chéad chéim eile a bhí romhainn ná na daoine cearta a fháil le dul isteach mar iarrthóirí. Caithfidh mé a rá nach raibh deacrachtaí ar bith agam iad sin a fháil chomh háirithe nuair a bhí a fhios acu an sprioc a bhí againn.

Seo liosta de na hiarrthóirí agus na tithe a ghlac faoina mbrat iad: Pádraig Ó Gallchóir (Paddy Phat) An Síbín Ceoil, Pádraig Ó Cuilinn (Paddy Cullen) An Réalt Thuaidh, Domhnall Ó Dochartaigh (Donnelly) Óstán Charraig Airt, Séamas Ó hOireachtaigh (Jimmy Bhrinigh) Teach Thrá Mór agus Louis Nugent (Teach tabhairne an Ghleanna) .

Ar an lá bhí limousine againn agus 'Security' le



Buster, Seán Doc, Walter Sweeney, Paul Mac Rodaí agus Jackie Sweeney, ar achan taobh den limousine ag dul fríd Charrraig Airt, an Gleann agus na Dúnaibh. Rinne beirt sceimhlitheoir (Tommy Clyde agus Micheál Ó Dochartaigh) iarracht ionsaí a dhéanamh ar na hiarrthóirí ach chuir an Sáirsint Paddy Sús múineadh orthu.



*Na hIarrthóirí taobh amuigh d'Óstán na Trá le Cathal Mac Laifeartaigh agus Cissie Mhic Laifeartaigh.*

Cibé ar bith bhí an toghchán in Óstán Bhá na nDúnaibh agus bhí slua mór i láthair.



D'amharc foireann an óstáin i ndiaidh achan duine go maith agus bhí na ceoltóirí uilig thar barr fosta. Rinne Mary Clyde cinnte go raibh an cuntas déanta i gceart agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le achan duine a chuidigh ar dhóigh ar bith liom (cha dtig liom iad uilig a lua anseo) agus tá mé iontach buíoch díobh uilig a cheannaigh vótaí agus a chuidigh linn an tógra a chuir i gcrích.

Bhí na hiarrthóirí uilig fíor-mhaith agus thóg muid €18300 ar an toghchán. Tá Paddy Phat anois mar Ardmhéara ar Mhíobhaigh agus tá Séamas Ó hOireachtaigh (Jimmy Bhrinigh) mar Leas Ardmhéara. Fuair Jimmy tacaíocht iontach óna theaghlach agus thóg siad lear airgid. Dar ndóigh thiocfadh liom an rud céanna a rá faoi na hiarrthóirí uilig mar tharraing siad a dteaghlaigh agus a gcairde uilig isteach le cuidiú lena bhfeachtas.




Beidh Paddy Phat ag glacadh sos beag anois thíos fá Chonamara agus fá Ghaillimh ar feadh seachtaine agus tá shúil agam go mbainfidh sé sult as mar tá lear mór le déanamh aige nuair a thiocfas sé ar ais.
Tá shúil agam go raibh sibh uilig ag éisteacht nuair a dúirt Paddy go raibh sé ag iarraidh an Ghaeilge a choinneáil beo, ná ligigí síos é".




Comhghairdeas leat a Phaddy.

*Logainmneacha Ros Goill*

*Chuir mé isteach miontráchtas ar logainmneacha Ros Goill ag tús Mí Meithimh agus tá mé faoi chomaoin mhór ag na daoine uilig a chuidigh liom agus mé i mbun na hoibre seo. Níl dóigh ar bith a dtiocfadh liom tabhairt faoi thógra mar seo gan comhoibriú a fháil ó bhunadh Ros Goill.*

*Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo sin uilig a thug na logainmneacha agus an t-eolas dom agus a chuidigh liom ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile:*

*Micheál Ó Gallchóir, Donncha Ó Brógáin, Seán Ó Buaidhe, Micheál Ó Dochartaigh, Nóirín Mhic Ualghairg, Pádraig (Phat) Ó Gallchóir, Seán Mac Giolla Bhríde, Mánus Mac Pháidín, Hugo Mac Laifeartaigh, Mánus Mac Giolla Chearra, Donncha Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Buaidhe, Míobhaí, Bernie Mac Laifeartaigh, John Mac Laifeartaigh, Proinsias Ó Brolcháin, Micí Mac Íomhair, Seán Ó hOireachtaigh, Éamonn Ó Gallchóir, Sorcha Uí Ghallchóir, Cití Níc Laifairtaigh, Finola Harte, Charlie Ó Gallchóir, Ned Ó Gallchóir, Aodh Mac Laifeartaigh agus Áine Nic Giolla Bhríde.*

*Ní dhéanfaidh mé dearmad a choíche ar na huaireanta fada a shuí muid ag obair ar na logainmneacha agus ar na léarscáileanna. Deir an seanfhocal "is de réir a chéile a thógtar na caisleáin", bhuel, is de réir a chéile a chuirtear léarscáileanna mar seo le chéile, agus go raibh céad míle maith agaibh go léir.*

*Tá an cruth atá ar chósta Thír Chonaill ar an taobh thiar thuaidh d'Éirinn mar fhianaise ar chumhacht an Aigéin Atlantaigh agus ar an tionchar atá aici ar shaol na ndaoine a mhaireann ar an chósta sin. Is sampla maith de seo í leithinis Ros Goill. Tá gob na leithinse, Ceann an Mhill Mhóir, ag síneadh amach 'na farraige móire, an Mhaol Ruaidh ar an taobh thoir di agus Cuan na Long ar an taobh thiar di. Rinne fiántas na farraige cósta galánta a chruthú do Ros Goill, cósta ag a bhfuil éagsúlachtaí tírdhreacha farraige mar atá, cuanta agus scoilteanna, carraigeacha agus uaimheanna, beanna agus tránna. Tá gnéithe aiceanta intíre na leithinse suntasach fosta agus, cé go bhfuil lear den talamh bocht i dtaca le cúrsaí feirmeoireachta de, tá áilleacht faoi leith le feiceáil sna cnoic, sna léanta agus sna locha, agus chan iontas ar bith é go dtagann na sluaite chun an cheantair sa tsamhradh.*

*Tá an leithinis breac le logainmneacha, ainmneacha atá fite fuaite le saol na ndaoine ón lá a leagadh an chéad chos tharnocht sa cheantar na céadta bliain ó shin. Bhí trí sprioc agam agus mé ag obair ar an tógra seo. Na hainmneacha uilig a bhailiú, iad a chur ar léarscáileanna, agus an fhoghraíocht cheart a chaomhnú do na hainmneacha sin. Tá a fhios agam nach bhfuil na hainmneacha uilig agam agus tá súil agam go spreagfaidh na léarscáileanna seo daoine ó na bailte fearainn éagsúla ainmneacha ar bith atá acu agus nach bhfuil ar na léarscáileanna a thabhairt dúinn. Níl siad sábháilte go dtí go bhfuil siad faoi chló agus ar léarscáil. Bheadh sé deas dá dtiocfadh linn amach anseo leabhar ceart a chur i gcló le logainmneacha na leithinse uilig ann.*


Proinsias Ó Cuilinn



*An Loch Mór*

# Logainmneacha an Mhill Mhóir

1 Ailt a’ Mháire
2 An Cladach Mór
3 An Innealt
4 An Lag Fliuch
5 An Meall Gorm
6 An Poll Dubh
7 An Portach Buí
8 An Punt
9 An Reanna Liath
10 An Reanna(í) Fhada
11 An Tábla
12 An tIomaire Buí
13 An tOileán Garbh
14 An Tonnóg
15 An tSean-Leac
16 An tSean-Mheall Mhór
17 Bá Ailt a' Mháire
18 Barr an Chamais
19 Barr na Sean Leice
20 Barr na Sruthán
21 Binn a’ Mháire
22 Binn na gColmán
23 Bun an Chlaí
24 Carraig a’ Cháir
25 Carraig a’ Choiscéim
26 Carraig Bheag
27 Carraig na bhFranc Beag
28 Carraig na bhFranc Mór
29 Carraigeacha Ailt a' Mháire
30 Cladach an Oileáin
31 Cladach Beag
32 Cladach Mór
33 Clúdaigh an Aicíoch
34 Cnoc an Mhill Mhóir
35 Cnoc Pheadair
36 Croith an Fhéir
37 Garraí Phadí Phroinse
38 Lag an Chamais
39 Lag na Cré
40 Leac a' Chúraigh
41 Leac Cnoc Capaill
42 Leac Dhiarmaid
43 Leacan Brown
44 Loch Beag
45 Loch Mór
46 Meall Mór Úr
47 Murder Hole
48 Oileán an Aiciah
49 Oileán Mhicí Dhonncha
50 Oileán na mBeann
51 Oileán na n-Uan
52 Owen O Mellan’s Hole
53 Pointe an tSean Leac
54 Pointe Rinn a’ Bhainne
55 Poll a’ Churaí
56 Poll an Oifigeach
57 Poll Dubh
58 Poll Mháire
59 Poll na bPórtán
60 Poll na Carraige Airde
61 Poll na gCapall
62 Poll Pairl
63 Poll na Runalla
64 Quarry
65 Reilig na Leanaí
66 Rinn an Bhainne
67 Rinn na Madaidh
68 Scoilt a’ Bhrillín
69 Scoilt a’ Chóir
70 Scoilt a’ Ghlasáin
71 Scoilt an Lagán
72 Scoilt Dhubh
73 Scoilt na Sceardóg
74 Scoilt Thoinn
75 Teach Nell
76 Trá an Mhil Ghoirm
77 Trá na Faiche Buí
78 Trá na hEorna
79 Uaimh an Fhear Bháite
80 Uaimh Binn na gColmán
81 An tAcra
82 Cúl a' Chamais
83 Carraig Mhór
84 An Cladach Leathan
85 Cnoc a' Dohartach


Melmore Head
Illannamann
Officers Hole
Illannanoon
Oven
O'Mellan's Hole
Polmore
Tranafaighaboy
Black Rocks
MELMORE BAY
Allineury Bay
Melmore Hill
Melmore Lough
Lough Beg
Black Hole
Rinavany Point
BOYEEGHTER BAY
Rough Island
Murder Hole
Straughan Point
Carrigbeg
Little Frenchman's Rock
Frenchman's Rock
Shantough Point

# An Teach Mór

'An Teach Mór' ainm an dráma a léirigh aisteoirí Mhíobhaigh i mbliana. Tá an dráma a scríobh Proinsias Ó Cuilinn faoi chearrbhachas agus faoi bhochtaineacht, faoi shaint agus faoi fhealltacht ach tá an díoltas an-láidir ann fosta.

Tagann deartháir JJ 'na bhaile lena bhean Gráinne agus tá siad ag cur isteach go mór air de thairbhe falsacht Shéamaí agus an dóigh a bhfuil billí an tí ag ardú ó tháinig siad.

Is sprionlóir é JJ agus sábhálann sé achan phingin. Tugann sé mí amháin do Séamaí agus do Ghráinne imeacht ach níl Gráinne sásta glacadh le sin. T'chíonn muid anois gur bean láidir cliste atá i nGráinne agus gur duine lag gan cnámh droma ar bith atá i Séamaí.

Tá plean ag Gráinne. Cuirfidh siad JJ isteach go Teach na nGealt agus beidh an teach agus an t-airgead acu féin. Ní mar a shíltear a bítear i gcónaí.

Aithníonn an dochtúir nach bhfuil fadhbanna ar bith ag JJ i dtaca le sláinte intinne de agus insíonn sé do Ghráinne go bhfuil cead ag JJ dul na bhaile. Caitheann sin Gráinne ar feadh tamall ach tagann plean eile chuici agus déanann sí an cinneadh go mbeidh Séamaí mar íobairt sa phlean.

Is dráma dúghrinn atá ann agus go dtí seo tá an lucht féachana ag baint sult as, go háirithe anseo sna Dúnaibh áit nach bhfuil deacrachtaí ar bith i dtaca le canúint de.

Chuir Aisteoirí Mhíobhaigh an dráma i láthair sna Dúnaibh ar an 30 lá de Mhí Mhárta agus arís ar an chéad lá de Mhí na Bealtaine. Bhí siad ar an ardán leis arís oíche Dé Sathairn an 3ú lá Bealtaine i Luimneach ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta. Ansin rinne siad é a léiriú arís sa "Langside Hall" i nGlaschú ar an Aoine 6 Meitheamh.

## Glaschú

Bhí scaifte breá i láthair an oíche sin sa "Langside Hall" agus is ó Ghaeltachtaí Thír Chonaill, macasamhail Gaoth Dobhair agus Ros Goill a tháinig siad. Tá sé i gcónaí deas deis a fháil casadh leis na daoine seo mar tá a scéal féin ag achan duine acu. Is cuma cá fhad iad i nGlaschú, ní chailleann siad an ceangal le hÉirinn agus bíonn lúcháir orthu a dteanga féin a chluinstin ar an ardán. Bhí fear amháin ansin, Fred Sweeney ó Rann na Feirste agus tá sé gníomhach i gcuid imeachtaí Chonradh na Gaeilge. Gheall Fred domh go gcuirfeadh sé píosa chugam faoi dhrámaíocht i nGlaschú sna caogaidí nuair a bhí sé mar pháirt láidir de shaol na gConnalach ag an am. Tá súil agam go mbeidh scéal Fred againn don chéad eagrán eile. Le críochnú ar Ghlaschú, bhí an aimsir galánta i rith an deireadh seachtaine ar fad agus bhí an fharraige ciúin ag dul anonn is ag pilleadh dúinn. Más siopadóireacht a bhí ar intinn agat ba Ghlaschú an áit le dul go háirithe i dtaca le bróga de. Coinnigí bhur gcuid súile leis an talamh anois ar feadh bliana agus t'chífidh sibh bróga faoin cheantar nach bhfaca sibh a leithéidí thart le fada an lá! Coinníodh siopa bróg i Sauckiehall St. foscailte i rith na hoíche le freastal a dhéanamh orainn! Tá cúpla teach fán Íochtar a thiocfadh bróga a dhíol anois! Caithfear admháil go raibh siad iontach saor.

D'fhág muid thall maidin Dé Domhnaigh i ndiaidh deireadh seachtaine iontach maith a bheith againn agus bhain achan duine an-sult as an ócáid. Gabhaimid céad míle buíochas le Sean Ó Morónaigh agus leis an Chomhlachas Náisiúnta ar son an tacaíocht a thug siad dúinn.

*Ar chúl sa phictiúr thíos tá Pádraig Mac Giolla Uír (Fear an Tí), Máire Mhic Giolla Uír, Bella Uí hAnluain, Proinsias Ó Cuilinn, Séamas Mac Giolla Bhríde, Seosamh Ó Cuilinn agus Aodh Mac Laifeartaigh (Fina). Chun tosaigh tá Seosaimhín Uí Bhuaidhe, Aodh Mac Laifeartaigh (Fada) agus Fíona Pasoma.*



# Pléaráca ar an Ghleann Ard

*Scannán faoi thalamh, faoi ghrá agus faoi chomhcheilg*

Chuir muid tús leis an scannán seo thíos ag teach Mhicí Hiudaí ar an Bhaile Lár nó ar an Ard Bán ar 26 Bealtaine, 2008. 'S é seo an teach ina raibh na trí dhearthair, Sammie, Páidí agus Barney ina gcónaí. Bhí súil ag Sammie ar chailín deas as an Chraoslach darbh ainm Fannie, ach má bhí féin, bhí súil ag fear eile as an cheantair sin uirthi fosta, agus cad é a rinne sé ná inse do na gardaí go raibh Sammie agus na boic ag dul don phoitín. Thug fear de na gardaí ruaig orthu ach an deoir a fuair sé, ní raibh boladh maith nó deas as agus chuir sin an tóir air.



Anois, bhí feirm mhór le díol thuas ar an Ghleann Ard. Ag dul leis an fheirm seo bhí stail d'asal a bhí an-mhaith ag a chuid oibre. Bhí suim mhór ag Sammie san asal seo agus é ag súil le é a thabhairt go dtí an Chraoslach, áit a raibh an cailín deas. Cheannaigh an triúir acu an fheirm le tréan clismirte. Bhí an ceant thuas ag teach Rogie Beag i dTír Leathan agus bhí cruinniú mór ann ach, mór



agus a bhí sé, bhí cruinniú níos mó ag an chóisir ar an Ghleann Ard, le neart ceoil, damhsa agus craice.




Ansin tháinig cárta poist do Sammie - an breithiúnas deireanach. Le sin léim Sammie ar dhroim an asail agus ar shiúl siar leis ar mire go dtí an Chraoslach. Bhí trioblóid mhór aige ag geafta ar an chosán áit a raibh asal baineann. Chaill Sammie an cloigeann ach thug mionna mór é amach as an drochuair agus shroich sé teach Fannie in am mhaith. Cuireadh fáilte mhór roimhe. Thug sé cogar do Fannie ina cluas. Rinneadh socrú fán spré agus bhí an cleamhnas déanta. Pósadh iad i dTeach a' Phobail i gCarraig Airt agus ba é an tAthair Jock a bhí ina cheiliúraí. Deir siad gur bhainis na bliana a bhí ann. Bhí gúna fada bán ar Fannie agus gúna síoda ar Nóirín a sheas léi.



*Tá Fannie agus Sammie ar mhí na meala anois.*

Tá an scannán seo leis an eagarthóir anois agus tá muid ag dúil le é a thaispeáint don phobal amach anseo. Tuilleadh eolais faoi dhátaí agus ionaid le teacht.

*Proinsias Mac Giolla Bhríde*

*'S é seo scannán atá scríofa ag Proinsias Mac Giolla Bhríde le cuidiú ó Davina Nic Nuadht agus Máiread Mhic Thaighd (Meitheal Mhíobhaigh), le haisteoirí áitiúla, den chuid is mó ó Thionscnamh na bhFear agus ó Mhná Mhíobhaigh. Tá an tionscadal maoinithe ag an Ionad Cultúir Réigiúnach (Leitir Ceanainn) agus An Néarlár (Doire) faoin tionscnamh "Learning from the Past" agus ag Tionscnamh Oideachais na bhFear. Bhí Seán Mac Giolla Chomhaill i mbun léiriúcháin le cúnamh ó Davina Nic Nuadht, Proinsias Mac Giolla Bhríde, Máiread Ní Ruanaidh agus Máiread Mhic Thaighd.*

# Feadaímó

Bhí Feadaímó i dtí Mhícheáil Uí Dhubhaigh ar thaobh Chuan na Long de bhaile an Ghleanna. Bhí iníon Mhícheáil ag ní fola de chloigeann Fheadaímó le héadach lín. Rinne clann Mhic Suibhne ionsaí air agus é ag ól uisce ón sruthán ach fuair Feadaímó an bhuaidh orthu cé gur scoilteadh é le cloch a caitheamh air. "Tá an cneá seo domhain, a Fheadaímó," arsa Gráinne leis. "Sílim go mbeidh orm cúpla greim a chuir ann". D'amharc Feadaímó uirthi go tobann, bhí meangadh gáire ar a haghaidh agus gach cosúlacht ann nár chuir an cneá isteach nó amach uirthi. "An ndearna tú an cineál sin oibre ariamh cheana?" arsa Feadaímó. Ghlan sí tuilleadh fola d'aghaidh Fheadaímó agus labhair sí leis. "An rud é go bhfuil eagla ar an ghaiscíoch a chur an ruaig ar chlann Eoin Mhic Suibhne roimh an tsnáthaid? "Duine ar bith a bhíonn amuigh ag iascaireacht le línte ní chuireann snáthaid isteach ná amach orthu", arsa Feadaímó. "Ní inniu nó inné a tharraing mise mo chéad dhuán amach as mo mhéara, ach chonaic mé go leor fir i mo shaol a bhí loite agus daoine nach raibh ró-eolach ar an ábhar ag cur greamanna iontu. Fágadh iad le achan sórt coilm." Ó, arsa Gráinne, "do dhóighiúlacht féin atá ag cur as duit" is thosaigh sí ag gáire. "Ní hé sin an rud ar scor ar bith" a dúirt Feadaímó. Is é an rud é ná go bhfuil iontas orm go dtiontódh do leithéidse a lámh ar obair mar sin". "Cad chuige a ndeireann tú sin?" arsa Gráinne, agus í ag glanadh an éadaigh i scála beag créafóige. "Mar is fir a chuireann na greamanna isteach de ghnáth", arsa Feadaímó. "Is é m'uncail, Proinsí Rua, an fear fán bhaile s'againne a dhéanann an obair seo agus tá sé ráite faoi go bhfuil sé chomh maith le dochtúir ar bith. Ghoin duán aghaidh m'athar go holc amuigh ag Corrán Binne lá amháin agus b'éigean do Phroinsí greamanna a chur isteach do amuigh ansin. Bheadh ort scrúdú géar a dhéanamh ar leiceann m'athar anois leis an cholm a fheiceáil." Chuir Gráinne an t-éadach ar an chneá arís.

"Má tá tú ag iarraidh ormsa seo a fhágáil, a Fheadaímó, níl fadhb ar bith le sin. Ach, glacfaidh sé am duitse dul na bhaile ó seo agus más mó ama a chuireann tú amú sin mar is measa a bheas sé duit féin", arsa Gráinne. "Maise, cuir thusa isteach iad," arsa Feadaímó, "tá a fhios agam féin go gcaithfidh sé a bheith déanta, agus níl tuilleadh le rá faoin rud." "Maith go leor," ar sise, "coinnigh thusa do lámh ar an éadach seo bomaite." Chuaigh sí anonn chuig an tine agus dhóirt sí uisce te isteach sa scála. "A Dhaid," arsa Gráinne, "an bhfuil an buidéal sin agat?" Tá sé anseo agam, a ghirsí," arsa Micheál, agus shín sé an buidéal chuici. "Níl mise ag ól a dhath den phoitín sin," arsa Feadaímó. "Níl mise ag tabhairt poitín ar bith duit le hól," arsa Gráinne, agus chuir sí braon ar an chneá. Phléasc an phian i gcloigeann Fheadaímó ach sula raibh deis aige tá nó níl a rá mhothaigh sé an tsnáthaid ag dul tríd a chraiceann. "Sin tú," arsa Gráinne leis agus sheas Feadaímó. Bhí iontas air. "An bhfuil tú críochnaithe cheana féin? a dúirt sé. Ó, tá, arsa Gráinne, "tá mé den bharúil gur leor triúr," agus chuir sí an tsnáthaid san uisce te. Ní raibh a fhios ag Feadaímó cad é le rá. "Is fearr domhsa a bheith ar mo bhealach," a dúirt sé, agus gan fonn ar bith air an teach a fhágáil. "Arú, níl tú ach i ndiaidh teacht. Cad é'n deifre atá ort?" arsa Micheál. "An síleann tú gur sin an cineál teach atá againne anseo? Cha bheifeá leathbealaigh na bhaile sula mbeadh an fear gortach ort. Seo, suí, a Fheadaímó, agus beidh .......

Bhris an doras isteach sular chríochnaigh sé an abairt agus sheas Eoin Mór Mac Suibhne i lár an urláir. Thosaigh sé ag scairteadh agus é ag amharc ar Mhicheál. "Cá bhfuil an cladhaire a chur luíochán roimh mo chlannsa?" Bhí bata mór draighean leis agus thóg sé é nuair a chonaic sé Feadaímó. Ghlac sé coiscéim i dtreo Fheadaímó agus na súile lasta ina cheann le fearg. Bhog Micheál anonn agus sheas sé idir Eoin agus Feadaímó agus ní sásta a bhí seisean ach oiread.

'Tá fáilte roimh fear nó bean ar bith sa teach seo ach níl fáilte roimh aon fhear a thagann isteach ag déanamh bagartha ar aoi an tí," arsa Micheál, "anois gabh amach agus tabhair do bhata leat". Chaith Eoin seileog ar an urlár agus bhuail sé Micheál faoin smig le cúl a láimhe.

Lig Feadaímó scairt as agus ghread sé isteach le cuidiú a thabhairt do Mhicheál. Ní raibh feidhm leis. Níor bhain an buile a fuair sé biongadh as Micheál agus tháinig scread feirge óna bhéal sular chnag sé Eoin idir a dhá shúil le dorn mhór. Thit an bata as lámh Eoin agus amach leis thar thairseach an dorais agus Micheál sa mhullach air. Thóg Feadaímó an bata agus rith sé amach. Bhí clann Eoin, an chúigear acu, ina seasamh ar an tsráid agus bata draighean i lámh achan fhear acu. Níor thug siad Feadaímó faoi deara ar chor ar bith, mar bhí an oiread sin iontais orthu a n-athair a fheiceáil ar an talamh agus fear eile ag tabhairt léasadh millteanach dó. Ba fhear é Eoin Mac Suibhne a raibh clú agus cáil air mar throdaire. Fear mór, trom, slinneánach a bhí ann agus bhí muineál air mar a bheadh bearach ann. Níorbh fhear é a ndeachaigh daoine i ngleic leis mar ba fhear cantalach, conspóideach a bhí ann agus de thairbhe sin de d'fhág bunadh an cheantair neart fairsingeachta i gcónaí idir iad agus é. Anois, bhí an fathach seo ar a dhroim agus gach cuma air go mbeadh sé buailte.



Lig Dinní scairt as agus rith sé isteach agus a bhata in airde aige. Chuir sé neart a choirp isteach sa bhuille ach chonaic Micheál an chontúirt in am. Chrom sé go tobann agus chnag an buille balla an tí agus rinneadh smidiríní den bhata. Chaill Dinní a anáil leis an phian agus sheas sé ansin agus eanglach ina lámha.

Bhí callán millteanach fá shráid Mhicheáil faoin am seo agus bhí na comharsa ag bailiú. Sheas siad ar chlaíocha agus ar charraigeacha, agus mar is gnáth, tharraing slua, slua. Bhí idir óg agus aosta ag coinneáil súil ghéar ar eachtraí an tráthnóna sin mar ní rómhinic a tháinig an cineál seo siamsa a mbealach. Bhí an scéal amuigh faoin ruaig a chur Feadaímó ar chlann Eoin ag an droichead agus bhí a fhios ag achan duine nach nglacfadh Eoin lena leithéid de náire. Nuair a chuaigh Eoin agus a chuid mac síos an bealach i dtreo theach Mhicheáil agus bataí draighin

leo scaip an scéal agus bhailigh na daoine.

Ní raibh Micheál agus a iníon ina gcónaí ina measc rófhada ach bhí dúil ag daoine iontu mar d'aithin siad gur dhaoine cairdiúla, cuidiúla a bhí iontu. San am céanna bhí eagla orthu roimh Eoin agus a chlann agus choinnigh siad amach ón chonspóid.

Léim Labhraidh agus Tuathal isteach i lár na sráide ansin ach sula raibh seans acu dhul a fhad le Micheál, bhuail cloch Labhraidh idir an dá shúil agus, ní don chéad uair an tráthnóna sin, thit sé mar a bheadh mála coirce ann. Sheas Gráinne i ndoras an tí agus í ag teilgean cloch lena chranntabhaill. Chuir sí an darna cloch sa chranntabhaill agus Tuathal faoina súil aici. Droch-lá a bhí ann do Thuathal mar bhuail an chloch agus bata Fheadaímó é ag an am chéanna. Thit sé ina chnap ar an talamh agus léim Feadaímó isteach idir Micí Óg agus Séamaí. Thosaigh an greadadh agus an cnagadh ach gan mhoill d'aithin an dá dheartháir go raibh an rabharta ina n-éadan agus chaill siad uchtach. Ní raibh troid ar bith fágtha iontu agus chaith siad na bataí uathu.

Fuair Micheál greim ar Eoin agus chuir sé é ina sheasamh. "Anois, a mhaistín," a scairt sé, "bun thusa na bonnaí as agus tabhair d'ál dímhúinte leat. Chroith Eoin an meadhrán óna cheann agus d'amharc sé thart. Bhí beirt mhac dó ina luí ar an talamh agus Dinní agus an bheirt eile ag amharc airsean. Bhí rud éigin ina súile a d'inis dó go raibh rudaí athraithe. Bhí seisean buailte ag fear eile, fear a sheas ina éadan go díreach macánta agus ní raibh gearán ar bith aige faoi dtaobh de. Thit a cheann agus shiúl sé trasna na sráide. Chonaic sé na comharsana ina seasamh roimhe ach ní raibh sé ábalta amharc súile a choinneáil leo. Thóg Séamaí agus Micí Óg an bheirt ón talamh mar ní raibh Dinní ábalta cuidiú leo agus choinnigh seisean a dhá lámh faoina ascaillí ag iarraidh mothú a chuir ar ais iontu. Shiúl clann Mhic Suibhne suas thar na comharsana agus achan uile fhear acu náirithe go smior.

"Goitse a Fheadaímó," arsa Micheál, agus iad ag coimhéad an mhórshiúil truacánta. "Tá am suipéara ann agus gheobhaidh muid babhla bracháin." "Cha dtiocfadh le cuma chomh cloíte sin a bheith ar airm Uí Dhomhnaill i ndiaidh Cinn tSáile", arsa Feadaímó. "Bhuel leoga, tá an ceart agat, a Fheadaímó," a dúirt Micheál. "Agus sin an rud a tharla anseo inniu. Buaileadh an taoiseach beag Eoin Mac Suibhne agus a airm agus ní drochrud ar bith sin. Tá súil agam go mbeidh suaimhneas faoin ghleann ó seo amach agus is cinnte an rud é nach mbeidh cáin ar an droichead sin thall arís." Chuala siad scairt ón doras. "Hoi, an bhfuil sibh dul a bheith in bhur seasamh amuigh i rith na hoíche? Tá an brachán réidh." Bhuail siad isteach agus chuir Gráinne babhla mór i lámh Fheadaímó. "Seo chugat, a ghasúir" ar sise. "Cuirfidh seo neart i do chorp i ndiaidh chogadh an Ghleanna". Thosaigh Feadaímó ag gáire. "Bheadh an cogadh ag dul ar aghaidh go fóill ach go raibh teilgeoir den scoth againn." "Chuala mé go raibh súil ghéar agat féin leis an chranntabhail," arsa Gráinne. "B'fhéidir go dtiocfadh linn lá a chaitheamh sna cnoic ar lorg coiníní níos moille sa bhliain," arsa Feadaímó. Bhí sé ráite aige sular smaoinigh sé agus thosaigh a aghaidh ag deargadh. "Ó, mise is tusa sna cnoic linn féin, a Fheadaímó, an é sin an rud atá i gceist agat?" D'amharc Feadaímó ar Mhicheál ach bhí seisean ag amharc isteach sa tine agus gach cosúlacht air nár chuala sé focal. Ní hamhlaidh a bhí an cheist áfach, agus bhí sé ag déanamh a sheacht dhícheall mi-ongháire a choinneáil óna aghaidh. Thug Feadaímó a aird uilig don bhrachán agus thosaigh sé á ithe. "Chuideodh braon bainne le sin," arsa Gráinne, agus dhóirt sí braon amach as buicéad dó. Cha dtug Feadaímó faoi deara nach raibh bainne air sa chéad áit agus níor chuidigh sin leis. "Sin bainne bhó na hadhairce briste," arsa Micheál, ag iarraidh faoiseamh a thabhairt dó. "Níor inis tú bréag ar bith ar an aonach. Ta lán an bhuicéid sin aici achan lá."

"Ta blas difriúil air anois" arsa Feadaímó. "Bíonn blas salainn ar an bhainne thíos linne." "Nach cinnte go mbíonn," arsa Micheál. "Sin an fharraige duit, cuirfidh sí a cruth féin ar achan rud." Lean an comhrá beag ar aghaidh mar sin ar feadh tamaill, ach ansin thosaigh na comharsana ag teacht isteach chun oíche airneáil a dhéanamh. Bhí imeachtaí an tráthnóna sin i bhfad róthábhachtach chun ligean don oíche dul thart gan phlé a dhéanamh orthu.

Shuí Feadaímó leo go dtí an mheán oíche agus bhain sé sult as an chomhrá agus na scéalta. Bhí meas tuilte ag Micheál ó na comharsana agus thug siad sin dó go flaithiúil.

Is é an toradh a bhí ar obair an tráthnóna sin ná gur briseadh cumhacht Eoin go hiomlán sa cheantar. D'imigh Dinní agus Séamaí go Meiriceá, d'imigh Mící Óg go Sasana agus chuaigh Tuathal go Glaschú. Ní raibh fágtha sa bhaile ag Eoin ansin ach Labhraidh. I dtaca le hEoin é féin de, chuaigh sé chun deiridh go mór. Chan fhaca duine ar bith é ar aonach ón lá sin amach agus leoga cha raibh trua ag aon duine dó. Chuala Paidí Feadaímó ag teacht isteach an oíche sin ach níor lig sé a dhath air. Rinne sé suas a intinn go labhródh sé le Feardaí Ghracie Bháin an chéad rud ar maidin. Bhí cleamhnas le socrú agus ba sin obair fir. Bhí cailín deas ar intinn ag Paidí a dhéanfadh bean



chéile mhaith d'Fheadaímó. Bean a bhí gaolta go maith leis na teaghlaigh maithe faoin cheantar.

*Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.*

Proinsias Ó Cuilinn

# Bronnadh na Céime



Bronnadh Céim Onóracha sa Ghaeilge ar naonúr mac léinn as Coláiste Mhic Aodha i nDoire ar an 8 Iúil 2008. Glacadh an grianghraf seo i ndiaidh an tsearmanais i Halla Fóraim na Mílaoise. Ó chlé tá Georgina Mhic Giolla Bhríde, Pádraig Cutliffe, Máire Uí Cheallaigh, an tOllamh Ailbhe Ó Corráin, Fíona Pasoma agus Prionsias Ó Cuilinn a chur tús lena gcuid staidéir sa Ghaeilge ag an chúrsa Díoplóma sna Dúnaibh, agus Martina Ní Chanainn .

*Comhghairdeas leis na céimithe uilig.*




## Bronnadh an Dioplóma

У chlй thuas tб Pauline Uн Ghallchyir, Seosaimhнn Uн Bhuaidhe, Colette Nн Ghallchyir agus Mairйad Mhic Dбide, cuid den rang a bhain Dioplyma sa Ghaeilge amach yn chъrsa a bhн ar siъl sna Dъnaibh i rith an gheimhridh i gcomhar le Ollscoil Mhic Aodha i nDoire. Glacadh na grianghraif ar lб Bronnta an Teastais.

As lбthair yn phictiъir tб Mбire Ghrбinne Nн Chuilinn, Bбirbre Nн Churrбin, Catrнona Nic Lochlainn agus Misйal Nн Dhochartaigh. Comhghairdeas libh uilig.

## Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge sna Dúnaibh

Is cúrsa páirtaimseartha é seo agus dhá oíche sa tseachtain atá i gceist. Is féidir leat an cúrsa seo a dhéanamh thar dhá bhliain nó, má tá tú líofa sa Ghaeilge, thar bhliain amháin agus ní gá cáilíochtaí a bheith agat. Cuirfear tús leis na ranganna sa tríú seachtain de Mheán Fómhair 2008 in Áras Ros Goill, na Dúnaibh agus beidh oíche eolais ann roimhe sin.

Tá an cúrsa seo páirt-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta.

Le focal a chur ar d'áit nó chun tuilleadh eolais a fháil faoin chúrsa seo, nó faoi chúrsaí Teastas Eorpach na Gaeilge, cuir glaoch orainn in oifig Chéim Aniar ar 074-9154830.



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta